C/2024/4494

11.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11538 — CEZ / BCI / CZECH GAS NETWORKS JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4494)

1. An 4 Iúil 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— ČEZ, a.s. ('ČEZ', an tSeicia), atá faoi rialú Stát na Seice trína Aireacht Airgeadais,

— Varese IRR LP ('Varese', Ceanada), atá faoi rialú British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Czech Gas Networks S.à r.l. ('CGNS', Lucsamburg), atá faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited (Australia) agus BCI faoi láthair.

Gheobhaidh ČEZ agus Varese rialú comhpháirteach ar CGNS de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ČEZ gníomhach i dtáirgeadh, dáileadh, trádáil agus díol leictreachais agus teasa, trádáil agus soláthar gáis nádúrtha, mianadóireacht guail, oibriú seomraí coire gáis, teileachumarsáid, faisnéisíocht, taighde núicléach, pleanáil, tógáil, agus cothabháil saoráidí fuinnimh, amhábhair mhianadóireachta, agus próiseáil seachtháirgí fuinnimh,

— Is comhpháirtíocht theoranta í Varese a mbaineann a cuid infheistíochtaí go príomha leis na hearnálacha bonneagair, adhmaid agus talmhaíochta. Tá Varese faoi rialú deiridh BCI, gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia, Ceanada, a infheistíonn in ioncam seasta, cothromais phoiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, réadmhaoin, agus morgáistí tráchtála,

— Is cuideachta sealbhaíochta GasNet, s.r.o. (an tSeicia) é CGNS. Is Oibreoir Córais Dáileacháin sa tSeicia é GasNet, agus tá líonra píblínte a úsáidtear chun gás nádúrtha a dháileadh sa tSeicia faoi úinéireacht aige agus coinníonn sé an líonra sin ar bun.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11538 — CEZ / BCI / CZECH GAS NETWORKS JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË